



COMÓRTAS FILÍOCHTA CHULTÚRLANN M^CADAM Ó FIAICH RIALACHA GINEARÁLTA: DAOINE FÁSTA

Ní mór gach iontráil a bheith ina saothar úrnua de chuid an iarrthóra féin agus ní mór nár foilsíodh cheana í ach oiread, bíodh sé sin sna meáin nó féin-fhoilsithe.

Fáilteofar roimh dhánta scríofa i nGaeilge NÓ i dteangacha eile seachas an Ghaeilge.

Trí dhán an t-uasmhéid a ghlacfar ó iarrthóir ar bith. Is gá foirm iontrála a chomhlánú do gach dán acu.

Ní mór d'ainm, do sheoladh agus d'uimhir theagmhála agus/nó do sheoladh ríomhphoist a scríobh ar an fhoirm iontrála, mar aon le teidil na ndánta.

Ná cuir d'ainm ná aon sonraí pearsanta eile ar an leathanach/na leathanaigh a bhfuil na dánta scríofa orthu.

Gearrfar táille £5 ar gach iontráil (uasmhéid 3 dhán).

Eagraíocht neamhbhrabúis is ea Cultúrlann McAdam Ó Fiaich agus rachaidh aon airgead a bhaileofar i dtreo na gcostas a bhaineann le riarachán an chomórtais.

Seasfaidh gach rogha agus cinneadh a dhéanfaidh na moltóirí agus níl cead aon teagmháil ná cumarsáid a dhéanamh leo maidir lena gcinntí.

Reáchtálfar oíche bhronnta na nGradam ar an 24ú Márta, áit a bhfógrófar na buaiteoirí.

Má chuirtear isteach iontráil, glacfar leis go nglacann an t-iarrthóir le rialacha agus coinníollacha an chomórtais.

Ní mór iontrálacha a chur le ríomhphost (Doiciméad **Word** agus cóip den fhoirm d'iontrálacha ar gach ceann acu faoi seach) chuig: caoimhin@culturlann.ie nó mar chóip chrua chuig COMÓRTAS, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, 216 Br. Na bhFál, Béal Feirste BT12 6AH faoi **4.00pm Dé hAoine 26 Feabhra 2021**.

N.B. Ní ghlacfar le hiontráil muna bhfuil an táille chúí léi.

Tuilleadh eolais ag: oifigfaihte@culturlann.ie Fón: 026 9096 4180